

## Obair dhian: torthaí maithe san Ardteistiméireacht




Chuaigh mé go dtí gairmthreoraí na scoile. Dúirt mé gur mhaith liom a dhéanamh in Ollscoil na Gaillimhe. Dúirt sé go raibh ceithre chéad pointe **de dhíth** don chúrsa sin.



Bhuail mé le mo chara, Eibhlín **ina dhiaidh sin**. Dúirt sí gur mhaith léi dul ag siopadóireacht. Dúirt mé léi go raibh a lán obair bhaile le déanamh agam.



Chuir mo **stócach** scairt orm **ag iarraidh orm** teacht amach leis chun scannán a fheiceáil sa Savoy ach **dhiúltaigh mé** mar bhí orm **aiste** a scríobh.



D'fhan mé sa bhaile ag déanamh staidéar crua. Bhí m'athair **buartha fúm**. Ach dúirt mo mham **go mbeinn** ábalta dul amach ag an deireadh seachtaine agus nach raibh ach cúpla mí fágtha roimh na scrúdaithe.



Nuair a tháinig na torthaí amach bhí áthas an domhain orm. Fuair mé ceithre chéad caoga pointe sna scrúdaithe. Dúirt Eibhlín liom go raibh sé **tuillte** agam mar d'oibrigh mé go crua.



Chuaigh mé go Gaillimh le mo thuismitheoirí i mí Dheireadh Fómhair **chun clárú**. Bhí mé lán sásta liom féin go bhfuair mé áit ar an chúrsa eolaíochta.